Institiúid Oideachais MARINO Institute of Education | An Associated College of Trinity College Dublin, the University of Dublin

Buíochas ó chroí le mo chomhghleacaí Claire Dunne a chruthaigh an liosta cuimsitheach seo de chluichí agus gníomhaíochtaí gur féidir le tuismitheoirí imirt lena bpáistí as Gaeilge.

Thug sí cead dó bheith roinnte libh.

Chun tuilleadh smaointe a fháil, déan teagmháil le claire.dunne@mie.ie.

Spiorad Marino beo beathach!

Ciara Reilly

Smaointe don Spraoi sa Bhaile/ Ideas for Home Play!

1.Éistigí le scéal amháin ar SoundCloud

https://soundcloud.com/forasnagaeilge/sets/an-gum-1

Have a listen to a story on Soundcloud

2. Bainigí Sult as na Rainn Seo!

- Enjoy saying these rhymes below together.
- Clap the rhyme together.
- Say the rhyme while you skip.
- Invent actions for the rhymes.
- Rap the rhyme.
- Say the rhyme in different voices.

1. Bí ag ithe
Bí ag ithe
Bí ag ól
Seas suas
Suigh síos
Slán go fóill

2. Is maith liom
Is maith liom bainne
Is maith liom ubh
Is maith liom im
Is maith liom subh
Is maith liom cáis
Is maith liom práta
Is maith liom arán
Is maith liom cáca

3. Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé
Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé
Is maith liom bainne is cupán tae.
Is maith liom úlla is ceapairí
Brioscaí, criospaí is bananaí buí.
(Maith Thú A Rian 59)

4. Is maith liom bainne
Is maith liom bainne
Is maith liom tae
Is maith liom arán
Tabhair dom é.
(Maith Thú A Rian 33)

5. Puisín
A haon, a dó, a trí,
Tá puisín ina luí.
Bígí ciúin, bígí ciúin,
Ná dúisígí í.

Níos mó rann ar fáil ar: https://fearasscoile.com/2016/02/22/rannta-gaeilge-irish-rhymes-for-all-levels/

6. Teidí beag buí
Teidí beag buí
Ina shuí ar an stól.
Teidí beag buí
Ag ithe is ag ól.
Teidí beag buí
Anseo i do shuí.
Teidí beag buí
Teidí beag buí.

7. Mise
Mise an traein
Puff, puff, puff.
Mise an madra
Bhuf, bhuf, bhuf.
Mise an bus
Bíp, bíp, bíp
Mise an sicín
Tsíp, tsíp, tsíp.

8. Ag déanamh spraoi
A haon, a dó
A haon, a dó, a trí
Caitín beag ina shuí.
A haon, a dó
A haon, a dó, a trí
Caitín beag ag déanamh spraoi.

9. Buail bos
Buail bos
Gread cos
Cas timpeall
Is glac sos.

10. Lámh, lámh eile
Lámh, lámh eile a haon, a dó.
Cos, cos eile a haon, a dó.
Ceann, srón, béal, smig

	Is fiacla bána im' bhéal istigh. Cluas, cluas eile a haon, a dó. Súil, súil eile a haon, a dó. Ceann, srón, béal, smig Is fiacla bána im' bhéal istigh.

3. Rabhlaí Rabhlaí!

Say the tongue twister and think of actions.

Try saying these tongue twisters as fast as you can.

Clap the rhythm of the tongue as you say it.

Try saying the tongue twisters together.

1. Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá sioca.
2. Fástar fataí fada go fairsing le feamainn.
3. Bhí an bhean bheag bhocht breoite bruite leis an bhfuacht.

4. D'ith damh dubh ubh amh ar neamh.
5. Meallann muilte Dé go mall ach meallann siad go mion.

Níos mó ar fáil ar: http://www.tongue-twister.net/ga.htm

4. Déan Gáire leis na Jócanna seo!

Have a laugh at the jokes below.

Try and come up with your own joke.

1. Cnag cnag!

   Cé atá ann?

   Neilus?

   Cé hé Neilus?

   Níl a fhios agam.

2. Cé mhéad duine a bhíonn i mbriogáid dóiteáin?

   Naonúr naonúr naonúr!

3. Céard atá dearg is bán is dearg is bán is dearg is bán?

   Daidí na Nollag ag titim síos an staighre.

4. Cén t-ainm a thugann tú ar choinín ag caitheamh mufaí cluaise?

   Aon rud is mian leat! Níl sé in ann tú a chloisteáil!

5. Cad a thugann tú ar shicín sa seomra ranga?

   Ar strae!

5. Smaoinígí ar na Dúcheisteanna seo!

Try and figure out these riddles

1. *Tá mé ard nuair atá mé óg. Tá mé íseal nuair atá mé sean.*

   Cad atá ann? _____

2. *Tá lámha orm ach ní féidir liom bualadh bos.*

   Cad atá ann? _____

3. *Bhí beirt mháithreacha agus beirt iníonacha amuigh le haghaidh lóin. D'ith gach duine ceapaire amháin ach san iomlán bhí 3 cheapaire ite.*

   Conas sin? _____

4. *Thit buachaill beag de dhréimire 30 méadar ach ní raibh sé gortaithe.*

   Conas sin? _____

6. Seanfhocail agus Nua-Fhocail!

Read through the proverbs together.

Change the proverb.

Try to come up with a new one.

1. Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

Níl aon _____ mar do _____ féin.

2. An rud is annamh is iontach.

An rud is _____ is _____.

3. Tús maith leath na hoibre.

_____ maith leath _____.

4. Ní thagann ciall roimh aois.

Ní thagann _____ roimh _____.

5. Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

Aithníonn _____ _____ eile.

7. Cuir agallamh ar dhuine

Choose someone interesting to interview

Céard é d'ainm iomlán?	*An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat?*
Cén bia is fearr leat?	*Cá raibh tú ar laethanta saoire?*

Cá bhfuil tú i do chónaí?	*An bhfuil aon deirfiúr agat?*
An maith leat brocailí?	*Inis dom scéal greannmhar fút.*

8. Cluichí Beaga ó Bhéal

Choose a game from the list. Have fun!

a. **Feicim le mo shúilín rud a thosaíonn le …**
I spy with my little eye, something beginning with…

b. **Leadógfhocal**
Word Tennis
Pick a theme e.g. Bia/ Food.
In pairs, say as many food words and phrases as you can think of

c. **Agallamh a chur/ Interviewing**
Using 4-8 verbs and action words below, describe what you did last night/ at the weekend.
Next time, include one small lie. Can your partner guess which piece is not true?

Cad a rinne tú?

"Chuala mé…"
"Chonaic mé…"
"Dúirt mé…"
"D'ith mé…"
"Chuaigh mé…"
"Tháinig mé…"
"Thug mé…"
"Fuair mé…"
"Bhí mé…"
"Rug mé ar…"

d. Bog má tá… (Léim, Suigh, Seas srl.)
Move if… (Jump, Sit down, Stand up etc.)
Finish the sentence with items of clothes "Bog má tá sciorta/ gúna/ riteoga ort"
Finish the sentence with feelings "Bog má tá ocras/ tart/ tuirse ort"
Change the action word –Léim má tá... Seas suas má tá... Suigh síos má tá...

9. Abair rud deas as Gaeilge

Say something nice in Irish

Is maith liom do _____	Rinne tú é sin go maith!
Tá sé go hiontach bualadh leat!	Tá áthas orm tú a fheiceáil!
Go raibh míle maith agat.	Tá mé an-bhuíoch díot.
Tabhair aire duit féin!	Coinnigh ort!
Maith thú!	Lean ort!
Ar fheabhas!	Go hiontach!
An-mhaith!	Thar cionn!

10. Céad míle focal romhat!

Make a list of your favourite Irish words. Use www.tearma.ie to help you.

Cad is brí leis na focail seo?
Do you know what these words mean?

Foiseach	Clagarnach
Oide	Bambairne

Seoithín	Smugairle róin

An bhfuil na focail seo a leanas cosúil le haon fhocal eile atá ar eolas agat?
Are these words like any words you know in other languages?

eaglais	peann
trí (3)	scríobh
máthair	gúna
mé	réigiún
scoil	nádúr
bád	póca
cros	margadh
leabhar	sráid
litir	